

An Tobar (le Ruaidhrí Ó Báille)	
1. “Cá raibh mé aréir?”	
2. Bhí Seán Ó Briain ina luí ar a leaba agus, arís, bhí sé ag caint leis féin.	
3. D’fhéach sé ar a bhríste a bhí caite ar chathaoir in aice leis an leaba.	
4. Bhí cúpla pingin faoin gcathaoir a thit amach agus é ag baint a chuid éadaí de ar a trí a chlog an mhaidin sin.	
5. Léim sé as an leaba.	
6. “Bhí seasca punt agam aréir!”	
7. D’fhéach sé ina phócaí go tapa.	
8. Ní raibh aon airgead ann.	
9. Chuaigh sé go dtí a chasóg a bhí ar an urlár.	
10. Chuir sé a lámh isteach i ngach póca.	
11. Níor tháinig sé ar aon rud.	
12. “Cá raibh mé aréir?”	
13. Bhí sé cinnte go bhfuair sé seasca punt ag an dol inné.	
14. Chuaigh sé isteach, scríobh sé a ainm ar an líne, agus thug an cailín an t-airgead dó.	
15. Sé nóta nua £10 (deich bpunt).	
16. Ach cá ndeachaigh sé ansin?	
17. Bhí a fhios aige go raibh sé ag caint le King go luath sa lá, ach ní raibh a fhios aige cad a rinne sé ina dhiaidh sin.	
18. Ba mhaith leis rud éigin a ithe mar ní raibh aon rud aige le fada.	
19. Bhí sé anois a dó dhéag a chlog sa tráthnóna agus bhí sé fiche uair ó d’ith sé béile.	
20. Ní dhearna sé aon bhéile iontach dó féin le tamall ... le dhá bhliain b’fhéidir.	
21. As McDonald’s agus “Gairdín Shanghai” a tháinig cibé rud a chuaigh isteach ina bhéal na laethanta seo.	
22. Cibé ar bith, níor ith sé rud ar bith ó fuair sé an nuacht ...	

An Tobar (le Ruaidhrí Ó Báille)		The Well (by Ruaidhrí Ó Báille)		
1.	“Cá raibh mé aréir?”	“Where was I last night?”		
2.	Bhí Seán Ó Briain ina luí ar a leaba agus, arís, bhí sé ag caint leis féin.	Sean Ó Briain was lying on his bed and, again, was talking to himself.		
	a. Tá sé ina shuí.	He’s sitting down.		
	b. Tá sé ina sheasamh.	He’s standing up.		
	c. Tá sé ina luí.	He’s lying down.		
	d. Tá sé ina chodladh.	He’s asleep.		
	e. Tá sé ina dhúiseacht.	He’s awake.		
3.	D’fhéach sé ar a bhríste a bhí caite ar chathaoir in aice leis an leaba.	He looked at his pants that were thrown on a chair next to the bed.		
	a. caith	throw	caite	thrown
	b. ith	eat	ite	eaten
	c. ól	drink	ólta	drunk
	d. fág	leave	fágtha	left
	e. feic	see	feicthe	seen
4.	Bhí cúpla pingin faoin gcathaoir a thit amach agus é ag baint a chuid éadaí de ar a trí a chlog an mhaidin sin.	There were a few pennies under the chair that fell out as he was taking his clothes off at three o’clock that morning.		
	a. mo chuid éadaí	my clothes		
	b. do chuid éadaí	your clothes		
	c. a chuid éadaí	his clothes		
	d. a cuid éadaí	her clothes		
	e. ár gcuid éadaí	our clothes		
	f. bhur gcuid éadaí	your clothes		
	g. a gcuid éadaí	their clothes		
5.	Léim sé as an leaba.	He leaped out of the bed.		
6.	“Bhí seasca punt agam aréir!”	“I had sixty pounds last night!”		
7.	D’fhéach sé ina phócaí go tapa.	He looked in his pockets quickly.		
	a. D’fhéach mé i mo phócaí.	I looked in my pockets.		
	b. D’fhéach tú i do phócaí.	You looked in your pockets.		
	c. D’fhéach sé ina phócaí.	He looked in his pockets.		
	d. D’fhéach sí ina phócaí.	She looked in her pockets.		
	e. D’fhéach muid inár bpócaí.	We looked in our pockets.		
	f. D’fhéach sibh in bhur bpócaí.	You looked in your pockets.		
	g. D’fhéach siad ina bpócaí.	They looked in their pockets.		
8.	Ní raibh aon airgead ann.	There wasn’t any money there.		

	An Tobar (le Ruaidhrí Ó Báille)	The Well (by Ruaidhrí Ó Báille)
9.	Chuaigh sé go dtí a chasóg a bhí ar an urlár.	He went to his coat that was on the floor.
	a. An ndeachaigh tú abhaile?	Did you go home?
	b. Chuaigh.	Yes.
	c. Chuaigh mé abhaile.	I went home.
	d. Nach ndeachaigh tú abhaile?	Didn't you go home?
	e. Ní dheachaigh.	No.
	f. Ní dheachaigh mé abhaile.	I didn't go home.
	g. Cá ndeachaigh tú aréir?	Where did you go last night?
	h. An bhfuil tú ag dul abhaile?	Are you going home?
10.	Chuir sé a lámh isteach i ngach póca.	He put his hand into each pocket.
11.	Níor tháinig sé ar aon rud.	He didn't find anything.
12.	"Cá raibh mé aréir?"	"Where was I last night?"
13.	Bhí sé cinnte go bhfuair sé seasca punt ag an dol inné.	He was sure that he got sixty pounds at the dole yesterday.
	a. Fuair mé aon phunt amháin.	I got one pound.
	b. Fuair mé dhá phunt.	I got two pounds.
	c. Fuair mé trí phunt.	I got three pounds.
	d. Fuair mé ceithre phunt.	I got four pounds.
	e. Fuair mé cúig phunt.	I got five pounds.
	f. Fuair mé sé phunt.	I got six pounds.
	g. Fuair mé seacht bpunt.	I got seven pounds.
	h. Fuair mé ocht bpunt.	I got eight pounds.
	i. Fuair mé naoi bpunt.	I got nine pounds.
	j. Fuair mé deich bpunt.	I got ten pounds.
14.	Chuaigh sé isteach, scríobh sé a ainm ar an líne, agus thug an cailín an t-airgead dó.	He went in, wrote his name on the line, and the girl gave the money to him.
15.	Sé nóta nua £10 (deich bpunt).	Six new ten pound notes.
16.	Ach cá ndeachaigh sé ansin?	But where did he go then?
17.	Bhí a fhios aige go raibh sé ag caint le King go luath sa lá, ach ní raibh a fhios aige cad a rinne sé ina dhiaidh sin.	He knew that he was talking with King early in the day, but he didn't know what he did after that.
18.	Ba mhaith leis rud éigin a ithe mar ní raibh aon rud aige le fada.	He wanted to eat something since he hadn't had anything for a long time.
19.	Bhí sé anois a dó dhéag a chlog sa tráthnóna agus bhí sé fiche uair ó d'ith sé béile.	It was now twelve o'clock in the afternoon and it had been twenty hours since he ate a meal.

	An Tobar (le Ruaidhrí Ó Báille)	The Well (by Ruaidhrí Ó Báille)
20.	Ní dhearna sé aon béile iontach dó féin le tamall ... le dhá bhliain b'fhéidir.	He hadn't made any great meal for himself in a while ... in two years, perhaps.
	a. An ndearna tú béile duit féin?	Did you make a meal for yourself?
	b. Rinne.	Yes.
	c. Rinne mé béile dom féin.	I made a meal for myself.
	d. Nach ndearna tú béile duit féin?	Didn't you make a meal for yourself?
	e. Ní dhearna.	No.
	f. Ní dhearna mé béile dom féin.	I didn't make a meal for myself.
	g. An bhfuil tú ag déanamh béile?	Are you making a meal?
21.	As McDonald's agus "Gairdín Shanghai" a tháinig cibé rud a chuaigh isteach ina bhéal na laethanta seo.	Anything that went into his mouth these days came from McDonald's or "Shanghai Garden".
22.	Cibé ar bith, níor ith sé rud ar bith ó fuair sé an nuacht ...	Anyways, he hadn't eaten anything since he got the news ...

	Ceisteanna	Questions
Q1	Cá raibh Seán Ó Briain?	Where was Seán Ó Briain?
Q2	Cad a bhí á dhéanamh aige?	What was he doing?
Q3	Cad a bhí caite ar an gcathaoir?	What was thrown on the chair?
Q4	Cá raibh an chathaoir?	Where was the chair?
Q5	Cé mhéad airgid a bhí faoin gcathaoir?	How much money was under the chair?
Q6	Cé mhéad a bhí aige aréir?	How much did he have last night?
Q7	Cá bhfuair sé an t-airgead?	Where did he get the money?
Q8	Cé leis a raibh sé ag caint?	With whom was he speaking?
Q9	An raibh ocras air?	Was he hungry?
Q10	Cén fáth?	Why?